

## Seol Grá leis An Post

### Seol Cárta Poist chuig Duine muinteartha



Ar chuir tú nó an bhfuair tú cárta poist riamh? Conas a mhothaigh tú?



Tá rud éigin an-speisialta faoi nóta lámhscríofa pearsanta a fháil. Coinníonn a lán daoine a gcuid litreacha agus a gcártaí poist i dtaisce ar feadh i bhfad.

#### Is iomaí cúis a bhíonn againn cártaí poist a chur chuig daoine, ar nós:

- Mar léargas ar ár dturas agus muid ag taisteal.
- Le laethanta saoire nó laethanta breithe a cheiliúradh.
- Le teachtaireachtaí grá a sheoladh chuig daoine muinteartha agus cairde agus a rá leo go bhfuilimid ag smaoineamh orthu.

An bhfuil aithne agat ar dhuine éigin a chuirfeadh fáilte roimh chárta poist? Seol grá le cárta poist An Post le postas íoctha, a thiocfaidh chugat i mí Eanáir 2021.

Mar chuid dár dTogra Fócas Pobail, gheobhaidh gach teaghlach in Éirinn dhá chárta poist (le postas íoctha le haghaidh seachadadh in Éirinn amháin). Beidh deardadh clóite ar cheann de na cártaí poist agus beidh an ceann eile folamh - le maisiú ag custaiméirí de gach aois.

Is ar aghaidh an chárta poist atá íomhá nó grianghraf le cur.

Tá dhá chárta poist á seoladh ag An Post chuig gach teach in Éirinn. Beidh deis agat féin aghaidh cheann amháin de na cártaí poist a dheardadh. Cad a chruthóidh tú?

#### Aghaidh

20 Eanáir 2021

Haigh, a Aintín Ciara,

Conas atá tú? Bhí báisteach ann an lá go léir inniu agus smaoinigh mé ort. An cuimhin leat an t-am ar rug stoirm báistí orainn agus muid ag rothaíocht? Bhí muid ar bís le dul isteach agus seacláid te a ó!! Braithim uaim tú.

Grá,

Sibéal

Stampa

Ciara Carroll

15 Céide Bhaile an Chaisleáin

Cnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo

A44 P444

Bíonn Cárta Poist chuig Duine muinteartha neamhfhoirmeálta. is féidir leat beannú dóibh go neamhfhoirmeálta mar go bhfuil aithne mhaith agat orthu.

Is anseo a chuirtear stampa de ghnáth. Tá an dá chárta poist ó An Post réamhíoctha agus mar sin ní gá duit stampaí a chur orthu.

Dáta

Seoladh

Dúnadh

D'ainm

Níl cárta poist cosúil le litir, ní gá clúdach a chur air!

Greamaigh do stampa agus scríobh seoladh an té a bhfuil tú á chur chuige nó chuici ar an taobh dheis den chárta poist.



## Déanaimis Cleachtadh!

Sula scríobhann tú an teachtaireacht, déan roinnt machnaimh:

- Cén duine a gcuirfidh tú an cárta poist chuici/ chuige?
- Cad é an rud is mó a bhraitheann tú uait, a bhfuil meas agat air, nó a thaitníonn leat faoin duine seo?
- Cad iad na cuimhní is fearr atá agat ar an duine seo?

**D'fhéadfá cúnamh a iarraidh ar dhuine eile sa bhaile a chuir nó a fuair cártaí poist nuair a bhí siad níos óige. D'fhéadfadh siad cúpla tuairim a thabhairt duit faoi cad ba cheart a scríobh.**

**Cuimhne**

**Braithim uaim...**

(an duine a bhfuil mé ag cur mo chárta chuici/chuige)

**Cuimhne**

**Tá meas agam ar...**



## Scríobh amach é.


Tá sé tábhachtach dréacht den chárta poist a scríobh ar dtús ar pháipéir bán. Beidh tú cinnte ansin go féidir an teachtaireacht go léir a chur sa spás atá ar fáil.

1. Faigh seoladh an té a bhfuil tú ag scríobh chuici/chuige.
2. Déan cleachtadh ar an seoladh a scríobh ar pháipéir bán ar dtús.
3. Léigh an t-iomlán arís. Fiafraigh: An é sin a theastaíonn uaim a rá? An féidir é go léir a chur ar an spás atá ar an gcárta poist?
4. Anois, líon isteach teimpléad an chárta thíos. Smaoinigh ar mhéid do chuid scríbhneoireachta agus ar an spás atá ar an gcárta.
5. Ansin, úsáid an seicliosta chun do chuid oibre a sheiceáil.
6. 6. Faoi dheireadh, tá sé in am duit do chárta poist a scríobh agus a sheoladh!

- Scríobh mé le mo lámhscríbhneoireacht is fearr agus d'úsáid mé spásanna.
- D'úsáid mé ceannlitreacha ag tús gach abairte.
- Chuir mé comhartha poncaíochta ag deireadh gach abairte.
- Rinne mé mo dhícheall le litriú na bhfocal.
- Sheiceáil mé an seoladh faoi dhó.
- Rinne mé mo dhícheall!

**Beannacht:** 'A chara dhil',  
'Haigh', 'A.... a chara', 'A stór'.

**Dáta**



**CHUIG:**

**Scríobh do theachtaireacht** ar  
an taobh clé. Déan cinnte nach  
dtéann sé isteach sa taobh dheis!

**Seoladh** (an duine a bhfuil tú ag  
seoladh an chárta chuige/chuici)

